

An Chatalóin

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi cheist an neamhspleáchais sa Chatalóin. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. aitheasc	a. <i>divide, split</i>
2. ag éileamh	b. <i>slender chance</i>
3. tionóladh	c. <i>widespread</i>
4. reifreann conspóideach	d. <i>in view of the uncertainty</i>
5. deighilt	e. <i>address</i>
6. go forleathan	f. <i>controversial referendum</i>
7. feisire	g. <i>was convened</i>
8. teannas mór	h. <i>demanding</i>
9. caolseans	i. <i>member of parliament</i>
10. i bhfianaise na héiginnteachta	j. <i>a lot of tension</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach.

1. Bhí na mílte duine ar na sráideanna in Barcelona ag éileamh go bhfágfadh an Chatalóin an Spáinn.
2. Bhí bratacha an dá thaobh le feiceáil ar na sráideanna.
3. Vótáil 90% i bhfabhar neamhspleáchas na Catalóine agus 43% i gcoinne neamhspleáchais.

VIFAX 12 Deireadh Fómhair 2017
Bunleibhéal

4. Dúirt Príomh-Aire na Spáinne sa nuachtán *Die Welt* go raibh an Spáinn á deighilt ag an gconspóid.
5. Iarradh breis slándála ar na póilíní chun Parlaimint na Catalóine a chosaint.
6. Tá an earnáil airgeadais míshuaimhneach faoin míshocracht sa Spáinn.

Ceist 3 'bratacha' nó 'bratacháí'?

1. Cad é iolra caighdeánach na n-ainmfhocal seo a leanas?
 - bratach
 - sráid
 - banc
 - comhlacht
2. Cén leagan a bhí ag Eimear Ní Chonaola?

Ceist 4 '...i bhfianaise...'

Féach:

i	=	<i>in</i>	i bPáras
in roimh ghuta			in Éirinn
sa (i + an)	=	<i>in the</i>	sa Chatalóin
san roimh ghuta			san Eoraip
san roimh fh + guta			san Fhionlainn

Anois, líon na bearnaí sna habairtí thíos.

1. Itear a lán pasta ____ lodáil.
2. An raibh tú riamh ____ Ísiltír.
3. Níl aon uisce ____ chrúiscín.
4. Tá mé ____ éadan feoil a ithe.
5. Nach bhfuil sé ina chónaí ____ mBaile Átha Cliath?
6. Ba bhreá liom dul ar saoire ____ Fhrainc.
7. Thit sé isteach ____ fharraige.

Ceist 5 '...thar lear...'

Cuir na nathanna cainte eile seo a bhfuil an focal *thar* iontu in abairtí lena mbrí a léiriú.

- thar ceann
- thar barr
- dul thar bráid
- dul thar ceal le
- dul thar fóir le
- thar sáile

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Tháinig cor nua sa scéal ó craoladh an mhír seo. Cad é?
2. Dá mbeifeá i do chónaí sa Chatalóin, an mbeifeá i gcoinne nó i bhfabhar neamhspleáchas na Catalóine? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	h	g	f	a	c	i	j	b	d

Ceist 2

1. Bréagach. Bhí siad ag iarraidh go bhfanadh an réigiún mar chuid den Spáinn.
2. Fíor.
3. Bréagach. Níor vótáil ach 43% den phobal.
4. Bréagach. Dúirt sé nach ligfeadh sé don Spáinn deighilt de bharr na conspóide.
5. Fíor.
6. Fíor.

Ceist 3

1. Bratacha, sráideanna, bainc, comhlachtaí.
2. Bratachaí, sráideannaí, bancannaí, comhlachtaí.

Ceist 4

1. Itear a lán pasta **san** Iodáil.
2. An raibh tú riamh **san** Ísiltír.
3. Níl aon uisce **sa** chrúiscín.
4. Tá mé **in** éadan feoil a ithe.
5. Nach bhfuil sé ina chónaí **i** mBaile Átha Cliath?
6. Ba bhreá liom dul ar saoire **sa** Fhrainc.
7. Thit sé isteach **san** fharraige.

Ceist 5

thar ceann – *on behalf of*

thar barr – *excellent*

dul thar bráid – *pass, passing, to pass by*

dul thar ceal le – *to go too far*

dul thar fóir le – *to go too far*

thar sáile – *abroad*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear, beidh súile an domhain ar Pharlaimint na Catalóine tráthnóna amárach, áit a bhfuil Uachtarán na Catalóine le haitheasc tábhachtach a thabhairt ina bhféadfadh sé neamhspleáchas a fhógairt. Mháirseáil na mílte in Barcelona inné ag éileamh go bhfanadh an réigiún mar chuid den Spáinn.

Ba léir ó na bratacha¹ a bhí á n-iompar ag na mílte inné ar shráideanna² Barcelona – bratacha¹ na Spáinne agus na Catalóine – chomh scoilte is atá muintir an réigiúin féin ar cheist an neamhspleáchais. Breis is seachtain ó shin a tionóladh an reifreann conspóideach, inar léirigh 90% tacaíocht don neamhspleáchas, cé nár vótáil ach 43% de phobal na Catalóine. Ó shin i leith, tá cos á cur i dtaca ag Rialtas na Spáinne agus ag Príomh-Aire na tíre, Mariano Rajoy.

In agallamh leis an nuachtán Gearmánach *Die Welt* ar maidin, dúirt Mariano Rajoy nach ndéanfaí an Spáinn a dheighilt agus go ndéanadh sé gach a bhféadfaí ó thaobh an dlí le haontas na Spáinne a chinntiú.

Tráthnóna amárach, thart ar a cúig a chlog am na hÉireann, atá ceannaire na Catalóine, Carles Puigdemont, le haitheasc a thabhairt os comhair Pharlaimint na Catalóine. Ceapadh go forleathan roimhe seo go bhfógródh sé neamhspleáchas ach deir Feisire óna Pháirtí gur caolsheans³ go dtarlódh sé sin anois.

Tá teannas mór le brath go polaitiúil agus tá Ardchúirt na Catalóine tar éis iarraidh ar Fhórsa Náisiúnta Phóilíní na Spáinne breis slándála a chinntiú ag an bhfoirgneamh amárach, má fhógraítear neamhspleáchas sa bParlaimint⁴.

Idir an dá linn, tá bainc⁵ agus comhlachtaí ag caint ar tharraingt amach as an gCatalóin i bhfianaise na héiginnteachta.

¹ bratachaí a deirtear

² ar shráideannaí a deirtear

³ caolsheans a deirtear

⁴ Córas Chonnacht

⁵ bancannaí a deirtear